Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2765

7.12.2023

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2765 ÓN gCOMHAIRLE

## an 7 Nollaig 2023

## lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1505 ([2]) lena mbunaítear liosta nuashonraithe na ndaoine, na ngrúpaí, agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir leo.

(2) Chinn an Chomhairle gur ghlac údarás inniúil de réir bhrí Airteagal 1(4) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES ([3]) cinntí i ndáil le beirt a raibh baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(3) den Chomhsheasamh sin, agus gur cheart na bearta in Airteagail 2 agus 3 den Chomhsheasamh sin a chur i bhfeidhm maidir leis na daoine sin.

(3) Ba cheart liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir leo a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Cuirfear na daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1505 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/420 (IO L 184, 21.7.2023, lch. 1).
([3]) Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. HEREU BOHER

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1**

I. DAOINE

14. DEIF Mohammed (ar a dtugtar freisin AL-DAYF Muhammad; AL-MASRI Mohammed), a rugadh an 12.8.1965 in Khan Younis, Stráice Gaza.

15. ISSA Marwan, a rugadh in 1965, Stráice Gaza.